

AN ROINN OIDEACHAS AGUS EOLAIOCHTA

TEASTAS SÓISEARACH

**EALAÍN, CEIRD AGUS DEARADH
TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ**

AN TEASTAS SÓISEARACH

AIDHMEANNA AGUS PRIONSABAIL

1. Is é aidhm ghinearálta an oideachais ná cur le forbairt gach gné an duine, ar a n-áirítear forbairt aestéitiúil, chruthaitheach, chriticiúil, chultúrtha, mhothúchánach, intleachtúil, mhorálta, fhisiceach, pholaitiúil, shóisialta agus spioradálta, ar mhaithe leis an saol pearsanta agus teaghlaigh, le saol na hoibre, le maireachtáil sa phobal agus le fóillíocht.

2. Tá sé d'aidhm ag clár an Teastais Shóisearaigh ná
 - an t-eolas, an tuiscint, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhaightear ag an mbunleibhéal a threisiú agus a fhorbairt a thuilleadh sa duine óg;
 - raon agus fiúntas eispéaras mothúchánach an duine óig a fhairsingiú agus a dhoimhniú ó thaobh eolais, tuisceana, scileanna agus inniúlachtaí;
 - muinín, tionscnaíocht agus inniúlacht, idir phearsanta agus sóisialta, an duine óig a fhorbairt trí oideachas leathan, dea-mheáite;
 - an duine óg a ullmhú do riachtanais tuilleadh clár staidéir, na fostaíochta nó an tsaoil lasmuigh den oideachas lánaimseartha;
 - cur le forbairt mhorálta agus spioradálta an duine óig agus caoinfhulaingt agus meas ar luachanna agus chreideamh daoine eile a fhorbairt;
 - an duine óg a ullmhú do fhreagrachtaí na saorántacha sa chomhthéacs náisiúnta agus i gcomhthéacs an mhór-Phobail Eorpaigh.

3. Tá clár an Teastais Shóisearaigh bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:
 - Leithne agus cothroime: sa chéim dheireanach den scolaíocht is cóir raon leathan eispéaras oideachais a bheith ag an duine óg. Ní mór aird ar leith a thabhairt do threisiú agus d'fhorbairt scileanna na huimhearthachta, na litearthachta agus na labharthachta. Is cóir aird ar leith a thabhairt d'oideachas sóisialta agus timpeallachta, d'eolaíocht agus teicneolaíocht agus do nuatheangacha.

- ábharthacht: is cóir do sholáthar curaclaim díriú ar ghar-riachtanais agus ar chianriachtanais an duine óig, i gcomhthéacs na timpeallachta cultúrtha, eacnamaíche agus sóisialta.
- fiúntas: is ceart dúshlán a thabhairt do gach duine óg na caighdeáin feabhais is airde agus is féidir a bhaint amach, agus aird chuí á tabhairt ar chumais agus ar ábaltachtaí agus ar chomparáidí idirnáisiúnta.

Is cóir don churaclam raon leathan eispéaras oideachais a chur ar fáil laistigh de thimpeallacht thacúil agus fhoirmitheach Is cóir dó tarraingt as na réimsí seo a leanas; an aestéitic agus an chruthaitheacht, an eitic, an teangeolaíocht, an mhatamaitic, an réimse fisiceach, an eolaíocht agus an teicneolaíocht, an réimse sóisialta, an timpeallacht, an pholaitíocht agus an spioradáltacht.

4. Cuirtear gach siollabas den Teastas Sóisearach i láthair chu é a chur i gcrích laistigh den chomhthéacs ginearálta curaclaim a bhfuil breac-chuntas air thuas.

RÉAMHRÁ

Aithnítear an gá le treoiríníte chun cuidiú le múinteoirí siollabais nua don Teastas Sóisearach a chur i bhfeidhm. Eisítear na treoiríníte nua seo do scoileanna mar chuid de mhórchlár tacaíochta. Is mian leis an Aire Oideachais a buíochas a léiriú as obair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnacht, obair bhaill na gcoistí éagsúla cúrsa, obair na nOifigeach Oideachais a cheap an Chomhairle, agus obair dhaoine eile a chuir le forbairt na n-ábhar seo - go háirithe Cigireacht a Roinne agus na daoine a chuir i láthair agus a ghlac páirt sna cúrsaí inseirbhíse a bhí ar siúl in earrach na bliana 1989.

Níl na treoiríníte seo saintreorach. Tá gach múinteoir saor chun a mhodheolaíocht teagaisc féin a roghnú chun cuspóirí sonraithe agus torthaí mianaithe gach siollabais nua a bhaint amach. Tairgíonn na treoiríníte seo moltaí a d'fhéadfadh tuilleadh cuidithe a thabhairt do mhúinteoirí. Tugtar aird ar leith do réimsí eolais, tuiscint, scileanna, coincheapa agus dearcthaí a aibhsíonn an siollabas nua níos mó ná roimhe.

Sa chomhthéacs sin meastar go bhuil sé inmhianaithe béim a chur ar ghnéithe tábhachtacha ar cóir go bhfoirmeodh siad teagasc agus foghlaim an tsiollabais nua.

- is cóir gach siollabas a theagasc le tagairt chomhfhiosach d'aidhmeanna foriomlána chlár an Teastais Shóisearaigh (féach taobh istigh de chlúdach tosaigh). Tá an iomad deiseanna ann do naisc tras-churaclaim: is cóir táirbhe a bhaint astu seo trí chomhphleanáil mhúinteoirí agus trí thionscnaíocht múinteoirí aonaracha;

Is cóir do chleachtas múinteoireachta impleachtaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha bhallaíocht na hÉireann sa Chomhphobal Eorpach, agus na dúshláin agus na deiseanna a chuireann seo ar fáil, a aibhsiú laistigh de mhórchomhthéacs saorántachta. Tá ábhair amhail Staidéar Gnó agus Stair agus Tíreolaíocht go speisialta tábhachtach sa chiall seo, ach is cóir do theagasc na n-ábhar go léir an ghné Eorpach seo a chuimsiú. Sa Tíreolaíocht agus san Eolaíocht, tá sé tábhachtach go bpléitear le saincheisteanna a bhaineann leis an timpeallacht ar bhealach cothrom

idir an gá leis an timpeallacht nádúrtha a chaomhnú agus a chosaint agus éilimh dhlisteanacha na forbartha eacnamaíche agus na gníomhaíochta tionsclaíche.

Tá na treoirlínte seo mar chuid de clár foriomlán tacaíochta do mhúinteoirí. Táthar ag brath, mar shampla, go ndíreoidh cúrsaí inseirbhíse ar a lán sancheisteanna a dtarraingtear aird orthu sna treoirlínte seo.

Rachaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhairle le Cumann Ábhair ar leith maidir le conas is fearr a d'fhéadfaidís na réamhliostaí tagairtí agus teagmhálacha, ar dhréachtaigh coistí cúrsa iad, a fhairsingiú, a fhorbairt agus a nuashonrú. Ar na tagairtí seo bheadh leabhair, físeáin, pacáí teagaisc, bogearraí ríomhaireachta agus ábhar eile den chineál sin; comhairlítear do mhúinteoirí teagmháil a dhéanamh lena gCumann Ábhair ar leith i gcomhair tuilleadh eolais.

ÁBHAR

	Leathanach
Intreoir	8
Struchtúr an tSiollabais	8
Ábhair agus Teicnící	12
Próiseas – táirge	13
Measúnú	13
Leanúnachas agus Seicheamh	14
Tionscadal Rathúil a Phleanáil	14
Líníocht	15
Dearadh	17
Grianghrafadóireacht	18
Dearadh Grafach	19
Ealaín, Ceird, Dearadh - Pleanáil Siollabais	21
Ábhar Eiseamláireach	23
Eiseamláir A: An Timpeallacht Nádúrtha	25
Eiseamláir B: Timpeallacht an Bhaile	26
Eiseamláir C: Staidéar Tomhaltais	27
Eiseamláir D: Ábhar Foghlama	28
Eiseamláir E: Staidéir Thacaíochta	30
Conclúid	30
Gluais	32

Ba í Kristina Smith an cathaoirleach ar an gCoiste Cúrsa a dhréachtaigh na Treoirlínte seo (Aontas Múinteoirí Éirean), agus bhí a leanas páirteach ag amanna éagsúla - P. Grennan (Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire), N. Cassidy (Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire), D. Campbell (Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire), Sr. Pius Berry (comhchoiste na mbainisteoirí), An tAth. J. Kerrisk (comhchoiste na mbainisteoirí); L. McCluskey (an Cumann Gairm-Oideachais in Éirinn), J. Kinsella (ATA), M. Burns (An Roinn Oideachais), M. O Nuallain (An Roinn Oideachais), P. McNamara (Aontas Múinteoirí Éireann).

D'fhreastail Maurice Meade (Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta – Ealaín, Ceird, Dearadh) ar an gCoiste.

EALAÍN, CEIRD, DEARADH

Siollabas an Teastais Shóisearaigh

TREOIRLÍNTE DO MHÚINTEOIRÍ

I. **Intreoir**

Tá na treoirlínte seo ceaptha le cuidiú le múinteoirí clár foghlama cuiditheach agus gníomhach a phleanáil agus a chur i bhfeidhm, bunaithe ar aidhmeanna agus chuspóirí shiollabas an Teastais Shóisearaigh. Is cóir don chlár foghlama bheith ábhartha do riachtanais a ndaltaí do na chéad trí bliana san oideachas iar-bhunscolaíochta. Is cóir dó bheith solúbtha, ag tabhairt spáis d'iomas an mhúinteora agus, chomh maith, do leasuithe a fhreagraíonn do chúinsí agus do dhálaí nach bhfuil súil leo. Is cóir dó tuiscint leathan a thabhairt ar EALAÍN, CEIRD, DEARADH ag leibhéil éagsúla tuisceana.

2. **STRUCHTÚR AN TSIOLLABAIS**

Tá an siollabas struchtúrtha chun cothroime a chinntiú idir eispéaras, déanamh agus tuiscint. Faightear eispéaras ar EALAÍN, CEIRD AGUS DEARADH trí Líníocht. Pléitear le 2-T agus 3-D mar thrí dhisciplín idirpleácha atá, mar aon le staidéir thacaíochta, mar bhunchuid ríthábhachtach den eispéireas foghlama. Tá an croístaidéar seo ar fáil do chách i gcoitinne agus cuirtear leis le raon leathan roghanna, agus is cóir go dtreiseoidh an bealach ina bpléitear le gach ceann acu na croí-eispéarais, agus go gcuirfidh sé leo.

Is cóir Modúil/eispéarais foghlama a bheith bunaithe ar chuspóirí foghlama an tsiollabais, agus go mbainfidh siad le príomhréimsí béime i gcroí an tsiollabais, mar seo a leanas:-

2.1 Líníocht: scileanna aireachtála, breathnóireachta agus taighde.

Tagraíonn sé seo do thaighde agus d'fhiosrú amhairc, le cineálacha éagsúla cur chuige, modhanna, próisis agus scileanna teicniúla a dhéantar trí chleachtas na líníochta trí:-

TAIFEADADH - bheith ag breathnú ar, ag déanamh taifeadta ar, agus ag cur síos ar an gcuma atá ar spreagthaí amhairc.

ANALAÍSIÚ - An Líníocht a úsáid mar phróiseas imscrúdaitheach.

LÉIRIÚ - Freagra pearsanta a fhorbairt agus a fhorbairt d'FHEINIMÉIN AMHAIRC agus THADHAILL A BHREATHNAÍTEAR.

CUMARSÁID - Líníocht agus an fhoghlaim a eascraíonn ón eispéaras díreach a úsáid i gcomhair staidéar déthoiseach, agus tríthoiseach agus staidéar tacaíochta.

Is cóir an dalta a theagasc conas raon modhanna rianúla a fhorbairt agus a úsáid chun breathnú ar spreagthaí amhairc agus chun na bunmhíreanna ealaíne agus deartha a aithint atá riachtanach chun amharctheanga a fhoirmiú. Is cóir do dhaltaí chomh maith raon de scileanna éagsúla agus de theicnící grafacha a fhorbairt atá riachtanach chun taifeadadh ón bhreathnóireacht. Is cóir an timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht shaorga a úsáid nuair is féidir mar acmhainn luachmhar don fhoghlaim agus i gcomhair feasacht chriticiúil a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go mbeidh tuiscint agus meas ag daltaí ar an tábhacht atá le hobair bhreathnóireachta, agus go bhfoghlaimeoidh siad conas na bunmhíreanna ealaíne agus deartha a aithint, a thuiscint agus a úsáid mar mhodh smaointeoireachta, cumarsáide agus léirithe i ngach réimse den siollabas.

2.2 Ealaín, Ceird, Dearadh Déthoiseach: scileanna léiritheacha agus cumarsáide.

Chomh maith leis na líníochtaí cuí, leis an taighde cuí agus leis na staidéir thacaíochta chuí a úsáid, baineann an rannán seo go príomha le hiniúchadh agus le forbairt smaointí, braistintí agus mothúchán, bunaithe ar eispéaras díreach na ndaltaí, fíor nó samhalta, trí mheáin dhéthoiseacha agus thríthoiseacha, ar bhealaí a d'fhéadfaidh bheith léiritheach, cumarsáideach agus feidhmiúil. Bainfidh sé seo le déanamh, forbairt agus úsáid íomhánna, litreoireachta, meascán litreoireachta le híomhá, atá nasctha le bunphróisis na péintéireachta, déanamh priontaí, an deartha grafaigh, an deartha teicstíle agus na grianghrafadóireachta, na scannánaíochta agus an fhíseáin.

Is cóir go dteagasctar don dalta anailís a dhéanamh ar fhadhbanna, conas pleanáil agus taighde a dhéanamh, taighde a fháil i mbunmhodhanna oibre deartha déthoiseacha agus tríthoiseacha, líníochtaí oibre agus fréamhshamhlacha a fhorbairt, agus próisis deartha agus teicnící réitigh fadhbanna a úsáid atá oiriúnach don tasc idir lámha.

2.3 Ealaín, Ceird, Dearadh Déthoiseach: scileanna léiritheacha agus cumarsáide.

Féadfaidh staidéir thríthoiseacha bheith chomh maith sa raon léiritheach go feidhmiúil Is iad na bunphróisis atá i gceist ná Breiseánach, Dealaitheach agus an próiseas Tógála.

- (a) Féadfaidh obair sa réimse seo bheith bainteach le dealbhadóireacht mhínealaíne, ceirdeanna - e.g. Potaireacht agus Ceirmeacht, Puipéadóireacht, Leabharcheangal, Dearadh Pacáiste, Dearadh Táirge, Míotalóireacht Ealaíne, Seodra etc.

- (b) Féadfaidh Timpeallacht Téatair a bheith san áireamh chomh maith, e.g. Mionsamhlacha de Láithreán Stáitse, Láithreáin Stáitse don Phuipéadóireacht etc.
- (c) Timpeallachtaí Laistigh e.g. taobh istigh d'fhoirgnimh, mionsamhlacha d'fhoirgnimh agus timpeallachtaí samhailteacha
- (d) Timpeallachtaí faoin Spéir e.g. mionsamhlacha, foirgnimh, limistéir fóillíochta etc.

Tá sé ríthábhachtach eispéaras agus foghlaim an dalta a fhorbairt sa tríú toise, agus cuireann an siollabas béim ar an meá inmhianaithe idir staidéir dhethoiseacha agus staidéir thríthoiseacha. Trí eispéaras díreach a chur ar fáil, is mó a spreagar na céadfaí spásúla agus tadhaill agus déantar ábaltacht an dalta caidrimh dhéthoiseacha a thuiscint sa Dearadh, sa Líníocht agus sa Phéinteoireacht a fheabhsú ionas go ndéantar nasc níos dlúithe agus níos nádúrtha idir coincheapa déthoiseacha agus tríthoiseacha.

2.4 Staidéir Thacaíochta: Scileanna criticiúla, meastóireachta agus léirthisceana.

Is cóir Staidéir Thacaíochta a bhaineann le breithmheas criticiúil, stair agus léirthiscint na hEalaíne, na Ceirde agus an Dearaidh, agus staidéir ghaolmhara, is cóir iad a bheith mar dhlúthchuid den eispéireas foghlama ionas go n-airíonn an dalta mínithe nua agus aimsithe nua.

Féadfaidh na staidéir seo bheith chomh maith ina dtúsphointe, ina spreagadh nó ina bpríomhfhórsa inspreagtha i bpróiseas foghlama chun eispéaras pearsanta leis na míreanna foirmiúla arb ionann iad agus an próiseas, an oibiacht nó an ráiteas, a thabhairt chuig an ngníomh léirthisceana agus breithmheasa chriticiúil. Is féidir anailís ar shaothair ealaíne a úsáid chomh maith i gcomhair

critéir atá ábhartha don mheasúnú a fhorbairt. Trí na próisis chriticiúla díritear aird ar:-

- .Láimhseáil agus eagrú ar leith éagsúlacht de mhíreanna amhairc agus crutha i saothair ar leith.
- Coincheap ginearálta an chrutha
- Sainbhír cialla siombalacha á léiriú.

Breithnítear na tréithe seo go léir maidir leis an gcomhthéacs cultúrtha agus staire ina maireann nó inar mhair an t-ealaíontóir, an ceardaí nó an dearthóir. Trína leithéid d'anailís taghtar arís ar chialla fealsúnachta agus léiritheach sa saothar, agus déantar iad a bheachtú agus a shoiléiriú. Cibé acu a dhíritear an cineál seo anailíse ar líníocht, péinteoireacht, déanamh priontaí, ailtireacht, dealbhadóireacht, nó rudaí eile cruthaithe ag ealaíontóirí, is féidir leis an dalta léiriú, fealsúnacht bheatha, mothúcháin inmheánacha agus mianaidhmeanna an ealaíontóra mar dhuine daonna a aithint agus a thuiscint agus ionbhá a léiriú leo.

Sna réimsí criticiúla agus meastóireachta den Ealaín, Ceird agus Dearadh, níl seicheamh croineolaíoch chomh táirgiúil maidir le léargas agus tuiscint agus atá aird ar smaointe agus ar cháilíochtaí atá inmheánach agus a bhraitear sa chomhthéacs foghlama. Ba chóir, mar sin, go leanfadh ó chomhtháthú staidéar tacaíochta tuiscint, cothroime agus éifeachtacht níos mó na foghlama trí chéile.

3. ÁBHAIR AGUS TEICNÍCÍ

Cé go bhfuil siad seo tábhachtach iontu féin, ní mór béim a leagan air nach é líonóilphriontaíl, péinteoireacht le púdardhath ná tógáil le cárta per se atá á múineadh ag an múinteoir, ach dá gcur seo agus meáin eile i láthair an fhoghlaimora mar mheáin fhéideartha léirithe atá sé. Sna meáin a úsáidtear d'fhéadfadh an dalta é/í féin

teacht ar mhodh sásúil cumarsáide agus é a fhorbairt, modh a d'fhéadfaí a fhorbairt a thuilleadh. Ní mór breathnú ar mheáin agus teicnící mar mhodhanna léiriúcháin - ní ábhar.

4. PRÓISEAS - TÁIRGE

Ní próiseas an t-aon réimse a bhfuil luach oideachasúil ann. Tá a lán luachanna oideachasúla i bpróiseas an taighde, an iniúchta, na pleanála, agus an chur i gcrích, ach ní mór a aithint go n-imríonn sprioc na foghlama - arbh fhéidir gurb é an ráiteas nó an táirge deiridh is mian leis an duine a bhaint amach nó a fhíorú - tionchar mór ar nádúr na luachanna seo. Tá sé tábhachtach go n-amharctar ar an táirge nó ar an ráiteas deiridh ní amháin mar fhianaise ar rath nó ar theip, ach mar iarracht agus mar struchtúr a nochtann dúinn eolas luachmhar faoin mbealach ar gineadh, ar forbraíodh agus ar fíoraíodh an smaoineamh. Ag an leibhéal sóisearach is cóir amharc ar an táirge nó ar an ráiteas deiridh mar fhianaise fhorbairt an dalta maidir le cuspóirí an tsiollabais, agus ní mór a fheiceáil ann a fhorbairt fhéideartha bhreise agus a luach in eispéarais nua foghlama. Is cóir saothar daltaí a mheasúnú ina iomláine, le comhbhéim ar phróiseas agus ar tháirge araon.

5. MEASÚNÚ

Tá an measúnú riachtanach agus ríthábhachtach, agus is cóir breathnú ar mar ghnáthamh diagnóiseach atá tábhachtach agus ríthábhachtach chun an méid a theagascar a a fhoghlaimítear a fheabhsú. Beidh gnáthaimh sa réimse seo ag baint go príomha lena leanas:-

- an méid a cuireadh an cuspóir foghlama i gcrích.
- leibhéal an fhreagra Indibhidiúil.
- Leibhéal fhreagra an Ranga.

Is cóir béim a leagan ar an bhfoghlaiméoir a mheasúnú i bpróiseas na foghlama agus saothar an dalta a mheasúnú ina iomláine.

Is é an phríomhspríoc ná eolas a cheapadh agus a thaifeadadh a chuirfidh ar chumas an múinteora an próiseas oideachasúil a fheabhsú agus mar sin is cóir breathnú ar

mheasúnú mar ghléas oideachais trínar féidir saineolas an mhúinteora a chleachtadh ar mhaithe leis an dalta ar a bhfuil an siollabas deartha chun freastal.

6. LEANÚNACHAS AGUS SEICHEAMH

Is cóir suíomhanna foghlama a roghnú go cúramach, agus a leanúnachas a choinneáil san áireamh – is é sin an méid a ligeann siad don dalta an tuiscint agus na scileanna a fuarthas roimhe a chleachtadh. Chomh maith leis sin is cóir iad a roghnú agus a eagrú faoi réir seichimh i.e. is cóir do shuíomhanna a leanann a chéile tascanna níos casta a chur i láthair ionas go mbeachtófaí agus go leathnófaí na scileanna a fuarthas.

7. TIONSCADAL RATHÚIL SAN EALAÍN, CEIRD AGUS DEARADH A PHLEANÁIL

Is é tionscadal rathúil an spreagadh is fearr chun tabhairt faoi cuspóirí nua foghlama.

Ní mór suíomhanna foghlama nó modúil a phleanáil agus a chóiriú i gcomhair leibhéil fhorbraíochta na ndaltaí – mar sin tá sé tábhachtach réamhmheasúnú a dhéanamh ar dhaltaí sa chéad bhliain chun líon agus éagsúlacht na leibhéal atá ann laistigh de rang a chinntiú. Is féidir seo a dhéanamh trí na daltaí a bheith páirteach in obair léiritheach agus bhreathnaitheach atá deartha chun freagraí a fháil a léireoidh a láidreachtaí agus a laigí.

8. Cuideoidh an leagan amach seo a leanas le gach gné den siollabas a phleanáil a mhonatóiriú ó ullmhú go measúnú.

- (a) Sainaithin cuspóirí.
- (b) Socraigh ar bhéim/mhodh teagaisc.
- (c) Pleanáil suíomhanna foghlama/modúil – socraigh túsphointí. (de réir leibhéal forbraíochtaí na ndaltaí).
- (d) Pleanáil acmhainní teagaisc, e.g. ábhair, fearas, áiseanna amhairc etc.

- (e) Measúnú na foghlama.
- measúnú ar siúl;
 - eireadh le measúnú tionscadail - le daltaí aonarachas;
 - leis an rang.
- (g) Dear tuilleadh measúnú ar an bhfoghlaim. (Féadann an méid a bhfaightear eispéaras air agus a fhoghlaimítear in aon tionscadal amháin leanúint ar aghaidh agus a bheith mar bhunús le foghlaim i dtionscadal eile ina dhiaidh din nó is féidir tabhairt faoi arís nó a fhorbairt níos moille).

Braithfidh an rogha agus an bhéim maidir le suíomhanna foghlama ar rath gach suímh agus ar eolas agus ar shaineolas an mhúinteora. Tá sé tábhachtach go dteagascar an Croíshíollabas ar bhealach comhtháite agus go neartaíonn na scileanna agus an fhoghlaim a fhorbraíonn as na croí-eispéarais na roghanna a ghlactar.

Is cóir Staidéir Thacaíochta a bhaineann le stair na healaíne, léirthuisint na healaíne agus gnéithe meastóireachta a eagrú go cúrama mar dhlúthchuid de gach suíomh foghlama, ag baint úsáide as áiseanna amhairc, as leabhair thagartha, as scannáin nó as modhanna cuí eile.

LÍNÍOCHT

Cé gur bundisciplín thábhachtach í an líníocht ann féin, is í an réamhphróiseas pleanála í chomh maith don chuid is mó de réimsí eile in EALAÍN, CEIRD DEARADH.

Is cóir an bhéim a bheith ar:-

- Fiosrú amhairc - chun scileanna aireachtála agus breathnadóireachta a mhéadú
- Feasacht (trí thaithí phearsanta ar Mhíreanna na hEalaíne agus ar Phrionsabail an Deartha).
- Foghlaim le feiceáil, breathnú, (féachaint ghníomhach chuspóiriúil), taifeadadh, aithris a dhéanamh, fiosrú, iniúchadh, anailísiú – trí mheán na líníochta chun foclóir amhairc a fhorbairt.

Modheolaíoch líníochta – disciplín na breathnadóireacht agus na líníochta: comhrian, tras-chomhrian, múnlaíthe, toirtmhéadrach, próiseas fáis, gotha, líníocht dhiúltach, amharcléiriú agus teilgin shimplí mheicniúla e.g. plánagrafach, teilgin, ingearchló, pleananna. Tuiscint - cothrománach, comhthreomhar, fiarthrasna, ingearach, urú, mearbhall radhairc agus feiniméin amhairc ghaolta eile.

- Próisis líníochta a fhorbairt maidir le staidéir dhéthoiseacha agus thríthoiseacha.
- Turgnamh le héagsúlacht meán, teicnící agus próiseas.
- Cur i bhfeidhm na foghlama in éispéiris éagsúla fhoghlama.

Líníocht Shamhailteach/Chruthaitheach: is cóir go n-áireodh seo scáthú nó saorléiriú éagsúlacht éispéiris amhairc. Is cóir tacaíocht a bheith ag saothar dá leithéid seo ó chur i bhfeidhm foghlama, nuair is cuí, ó réimsí eile. Sa bhealach seo, ba chóir cuidiú le daltaí gnéithe stairiúla agus cultúrtha dá saothar a thuiscint, ar a n-áirítear forbairt na líníochta agus gnéithe eile.

DEARADH

Eispéaras a bhaineann le réiteach fadhbanna ,go príomha, is ea dearadh, go déthoiseach nó go tríthoiseach. Ní mór cothroime a bheith ann idir próisis agus táirge i dteagasc agus foghlaim an dearaidh.

Is cóir do dhaltaí a bheith in ann

1. fadhb nó tasc a aithint, cur síos air agus é a anailísiú, agus réiteach a mholadh lena aghaidh
eolas atá bainteach leis an tasc a aithint agus a thairfeadh
2. éagsúlacht smaointe a cheapadh – indéantacht na smaointe seo a scrúdú
líníochtaí oibre, pleananna, ingearchlónna, mionsamhlacha agus fréamhshamhlacha a chruthú nuair is cuí
na smaointe is indéanta a fhorbairt atá oiriúnach don réiteach
3. an réiteach molta a chur i bhfeidhm nó a chruthú, ag úsáid eolais, scileanna, teicnící, fearas, ábhar agus sonraí taighde cuí
4. measúnú agus luacháil a dhéanamh ar a bhfuil déanta acu
bealaí féideartha a mholadh chun an próiseas a athrú, a mhodhnú, nó an dá rud, chun é a fheabhsú
tacaíocht agus a thabhairt do réiteach/réitigh le fadhb agus seasamh leis/leo
5. tuiscint a fhorbairt ar fheidhm chumarsáideach an deartha
gnéithe criticiúla, meastóireachta, idirdhealaitheacha a fhorbairt trí Staidéir Thacaíochta.

GRIANGHRAFADÓIREACTH

De bhrí nach bhfuil gnátháiseanna seomra dorcha ag an gcuid is mó de Ranna Ealaíne, níltear ag súil leis go mbeidh daltaí páirteach i gcúrsa ar dtús.

Mar sin féin, is féidir buntús a thabhairt ach modhanna simplí agus éifeachtacha a úsáid nach n-éilíonn go n-úsáidfí áiseanna seomra dorcha. Léiríonn tuiscint agus léirthuisicint, trí bhunobair phraiticiúil agus Staidéir Thacaíochta, ar na bunréimsí a bhaineann le bunphrionsabail mar a leagtar amach thíos, léiríonn siad an doimhne atá inmhianaithe agus an t-ábhar á phlé ag an leibhéal seo.

Is féidir éispéiris a phleanáil chun go mbeidh an dalta páirteach ina leanas:

1. Bunphrionsabail - Camera Obscura.
2. Buntáirgeadh Íomhá.
3. Ceamara – Bunphrionsabail/Feidhmeanna.
4. An Ceamara Mionphoill.
5. Ceamara simplí mionphoill a dhéanamh agus a úsáid le húsáid le Scannán Dubh agus Bán nó Scannán Daite – d’fhéadfadh seo bheith ina intreoir an-phraiticiúil don ghrianghrafadóireacht de bhrí go gcuimsíonn sé beagnach na prionsabail go léir a bhaineann le hábhar.
6. Bunphróiseáil scannáin agus priontaí – is féidir tabhairt faoi seo gan áiseanna sofaisticiúla seomra dorcha a úsáid. Mura bhfuil áiseanna ar fáil is féidir scannán nochta a chur chuig ceimiceoir le próiseáil agus na claonchlónna agus na pictiúir a fhaightear dá bharr a úsáid i gcomhair tuilleadh forbartha agus foghlama.
7. Fótagraim

Is féidir na híomhánna seo a chruthú gan cheamara ná méadaitheoir agus tá dá mbarr a lán féidearthachtaí i gcomhair obair chruthaitheach agus is féidir iad a úsáid i ngach réimse d’Ealaín, Ceird, Dearadh, go háirithe sa Taifeadh Amhairc, Obair Iniúchta, Taighde agus Grafaíocht.

8. Is féidir daltaí a theagasc conas ceamaraí simplí a úsáid i gcomhair taighde pearsanta agus priontaí, fótagraim, íomhánna teagmhála agus optúla a chruthú trí phróisis éagsúla a úsáid.

Nuair a úsáidtear grianghrafadóireacht i gcomhair iniúchta agus taighde ní mór dó bheith go hiomlán soiléir gur cuid bhailí den phróiseas iniúchta atá ann agus nach dtugtar ról imeallach don líníocht ina feidhmeanna éagsúla. Is cóir breathnú ar ghrianghrafadóireacht agus ar a próisis ghaolta mar réimse staidéir ann féin, agus már áis nó mar mhodh i gcomhair aireachtála agus taifeadadh a dhéanamh, fiosrú amhairc, taighde agus iniúchadh i gcomhair ciall a chruthú.

Staidéir Thacaíochta

Chomh maith leis an eolas a liostaítear sa Siollabas, féadfar staidéar a dhéanamh ar na réimsí seo a leanas:

1. Stair/Aireagán na Grianghrafadóireacht.
2. Camera Obscura.
3. Tionchar na Grianghrafadóireachta ar Ealaíontóirí.
4. Fótagraim agus Fótamontáis (Lucht leanta Dada, John Heartfield – Póstaeir Frith-Náitsíocha, Man Ray (Grianadh).
5. Úsáidí na Grianghrafadóireacht – Grafaíocht, Priontáil, Tionscadal, Eolaíocht, Leighis, Fógraíocht, etc.
6. Staidéar ar Bhunghramadach Amhairc – Comhshuíomh, Ciall etc. Cumarsáid Smaointe tríd an nGrianghrafadóireacht.

AN DEARADH GRAFACH AGUS TAISPEÁNTAS

Baineann an Dearadh Grafach le cumarsáid shoiléir trí íomhánna, shiombailí, litreoireacht agus thaispeántas, lena mbaineann staidéar agus cur i bhfeidhm bhunphrionsabail agus bunphróisis an deartha de réir mar a bhaineann siad lena leanas:

Déanamh Priontaí

Callagrafaíocht

Pacaistíocht (lena mbaineann Clúdaigh Cheirníní, Cartáin, Boscaí, Clúdaigh Físeán etc.)

Grianghrafadóireacht

Priontáil trí Scáileán

Stiallchartún

Leabharcheardaíocht

Beochan

Dearadh Grafach

Teicstílí Déthoiseacha – Fabraicí Daite agus Clóite.

Íomhánna Seicheamha - e.g. Feidhmiú laethúil a léiriú i dtéarmaí amhairc.

Cóimeáil Comhbhaill.

Tógáil Bréagáin, etc. i bhfoirm cairteanna, léaráidí.

Cláir Scéil agus Léiriúcháin etc.

Bainfidh doimhne na láimhseála le staidéar ar bhunphrionsabail an deartha, taighde agus próiseas iniúchta. Úsáidfear próiseas cuí deartha sula gcuirtear saothar chun críche. Is cóir Póstaeir, Pacaistíocht, Clúdaigh Leabhair etc a mbaineann próisis atáirgthe leo a bheith tugtha chun críche leis an modh cuí priontála agus is cóir iad a bheith suite agus curtha ar taispeáint go cuí.

Staidéir Thacaíochta

1. Fógraíocht agus Cumarsáid Amhairc Nua-Aimseartha.
2. Láimhseáil Íomhánna – Soiléire, Díchumadh, Ciall, Síceolaíocht etc.
3. Atáirgeadh – Próisis Phriontála.
4. Bunús Smaointe - tionchair.
5. Bailiú Ábhair Fhoinsé – Pacaistíocht, Póstaeir, Fógraí, Priontaí, etc.
6. Taispeántais agus Cur i Láthair.

EALAÍN, CEIRD, DEARADH - PLEANÁIL SIOLLABAIS

Solúbthacht

Ní mór teagasc Ealaíne, Ceirde, Deartha a dhéanamh infheidhmithe do réimse leathan cúinsí lena mbaineann daltaí ó chúlraí, ábaltachtaí agus chumais forbartha éagsúla.

Aistríonn an siollabas do Ealaín, Ceird, Dearadh buntréithe an réimse seo go heispéiris foghlama. Braitheann foghlaim fhéideartha ar dhá phríomhthosca:

- an siollabas - an t-inneachar a roghnaítear le teagasc;
- an modh teagaisc - an bealach a n-eagraítear an t-inneachar i suíomhanna foghlama.

Tá solúbthacht sa siollabas agus sna modhanna teagaisc ag teastáil ní amháin de bharr na ndifríochtaí idir foghlaimeoirí, ag de bharr nádúr an ábhair é féin chomh maith. Más ag foghlaim conas ealaín a dhéanamh, nó a anailísiú, níl aon seicheamh ann ar cruthaíodh go bhfuil sé níos tairbhiúla ná aon cheann eile.

Braitheann foghlaim éifeachtach in Ealaín, Ceird agus Dearadh ar chaighdeán na pleanála agus an teagaisc. Chun na cuspóirí luaite a aistriú go heispéiris éifeachtacha foghlama, tá múinteoirí ag teastáil a bhfuil eolas acu ar inneachar agus ar thréithe na n-amharcealaíon agus atá eolach, chomh maith, ar na cumais forbartha agus na riachtanais atá ag na daltaí faoina gcúram. Chun a leithéid d'eispéiris éifeachtacha a chur ar fáil tá múinteoirí ag teastáil atá ag iarraidh a leithéid d'eispéiris a chur ar fáil agus atá tiomanta do na luachanna a fhabhraíonn uathu.

Braitheann roghnú inneachair in aon réimse den siollabas ar eispéiris, spéiseanna agus inniúlachtaí na ndaltaí. Ní mór éispéiris foghlama a bheith pleanáilte le bheith oiriúnach do riachtanais an duine aonair agus ní mór dóibh fás bíseach a chur ar fáil in íogaireacht, i dtuiscint agus i scileanna. Cibé cén próiseas nó táirge, agus cibé cén scileanna a fhorbraítear, is cóir don mhúinteoir agus don dalta araon bheith eolach ar fhíornádúr na healaíne – éispéiris chéadfacha agus mhothúchánacha a chur in iúl trí mhíreanna na healaíne a eagrú ar bhealach atá léiritheach agus bríoch.

Timpeallacht an tSeomra Ranga

Tá sé ríthábhachtach timpeallacht foghlama a chur ar bun atá spreagúil ó thaobh amhairc de agus is é an múinteoir nach mór bunéirim a chur i láthair a spreagann gníomhaíocht chruthaitheach. Is ceart gurb é spiorad nó éiteas an tseomra ranga neamhfhoirmiúlacht ach ní anord ná díolúnas. Is cóir go mbeadh sé mar chuid de dhálaí an tseomra ranga an tsaoirse bheith ag obair agus smaoinemh a chur in iúl go hionraic ar bhealach is rogha leis an dalta féin. Is ceart go mbeadh na dálaí fabhrach don taighde, don chuardach agus don fhiosrú: is cóir go mbeidh a fhios ag daltaí go ndearcfaí go fabhrach ar fhionnachtain. Is cóir treoir agus caoinfhulaingt a bheith i gcónaí ann don iarracht chneasta gan bheann ar inniúlacht na ndaltaí.

Ní mór breathnú ar inneachar an tsiollabais, mar sin, mar shintéis eispéireas amhairc agus tadhlach a shroicheann buaic i gcomhtháthú na léirstine pearsanta – trí smaoinemh, dhéanamh agus aireachtáil. Ba chóir dó bheith ina thaiscumar smaointe óna n-eascróidh agus óna bhforbróidh túsphointí go héispeiris foghlama struchtúrtha agus bhríocha don dalta.

Ábhair bhreithniúcháin i bpleanáil siollabais

Is cóir siollabas an Teastais Shóisearaigh a úsáid chun clár pleanáilte a fhorbairt bunaithe ar aidhmeanna agus ar chuspóirí an tsiollabais agus ar na réimsí béime sa chroísiollabas. Is cóir seo a úsáid mar bhunús le clár éifeachtach foghlama a cheapadh atá oiriúnach do riachtanais forbartha na ndaltaí.

D'fhéadfadh an seicliosta seo a leanas d'ábhair bhreithniúcháin bheith ina chuidiú do mhúinteoirí:

- Ceangail na haidhmeanna sa siollabas leis an obair a dhéanann tú i do Roinn/Sheomra Ealaíne, do do chúinsí oibre féin agus d'infhaighteacht áiseanna, acmhainní agus leithdháileadh ama.
- Aithnigh réimsí atá sa bhreis orthu siúd atá bunaithe cheana féin i do chlár agus aithin réimsí arbh fhéidir go bhfuil níos mó béime ag teastáil uathu.

- Faigh amach conas a bhaineann na haidhmeanna le do chúinsí faoi leith.
- Déan staidéar ar na cuspóirí, is é sin na haonaid oibre trína mbaintear amach na haidhmeanna
- Aithnigh na cúinsí go léir a bhaineann leis na cuspóirí agus atá indéanta duit le cur i bhfeidhm thar an gcéad, an dara agus an tríú bliain den chúrsa.
- Déan socrúithe maidir leis na réimsí béime is féidir leat a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Nuair atá sé seo curtha i gcrích déan machnamh ar an meá iomlán béime i do chlár pleanáilte

ÁBHAR EISEAMLÁIREACH

Tá na Modúil Eiseamláireacha seo a leanas neamh-shaintreorach agus is cóir breathnú orthu mar threoir chun cuidiú leis an múinteoir clár éifeachtach foghlama a phleanáil, bunaithe ar aidhmeanna agus chuspóirí an tSiollabais.

In Eiseamláirí A, B agus C tá breac-chuntas ar obair is féidir a dhéanamh i rith téarma amháin. Tagann na cuspóirí ó chuspóirí cúrsa an tSiollabais agus leagtar túsphointe agus cúinsí oibre atá cuí agus inoibrithe.

Eiseamláir A

Tosaíonn sé seo le béim ar scileanna aireachtála/amhairc trí líníocht. Leanann sé seo ar aghaidh go dtí Péinteoireacht, Déanamh Priontaí agus Staidéir Thríthoiseacha le Staidéir Thacaíochta mar chuid chomhtháite agus mar bhunús láidir spreagtha do gach eispéreas foghlama.

Seo go díreach ceann amháin dá lán cur chuige. Tá an oiread cur chuige ann agus atá múinteoirí ealaíne agus féadfaidh múinteoir na cuspóirí céanna a úsáid le Modúl A ach le cur chuige éagsúil atá lán chomh bailí. Féadfaidh múinteoir, mar shampla, a shocrú go bhfuil sé níos oiriúnaí tosú ag obair le Dath, nó fiú i dTrí Thoiseacha.

- tá sé seo faoin mhúinteoir a mbeidh a fhios aige faoi leibhéil forbraíochta na ndaltaí agus na hacmhainní atá ar fáil don chlár foghlama.

Eiseamláir D

Seo is múnla malartach chun an múinteoir ealaíne a chumasú chun inneachar cuí foghlama a aithint ina gcuid oibre san Ealaín, Ceird, Dearadh, e.g. Péinteoireacht, Potadóireacht, Léirthiscint Ealaíne, Líníocht, etc. Ansin déantar an t-inneachar foghlama a aithnítear a cheangal le haidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais, mar a léirítear, chun modúl foghlama a chruthú.

Eiseamláir E

Léiríonn an múnla seo bealach amháin ina bhféadfar gné de Staidéir Thacaíochta a úsáid chun túsphointe a chruthú agus chun bunús láidir spreagtha a chruthú i gcomhair cúinsí foghlama éifeachtacha atá deartha chun tuiscint a fhorbairt ar conas a bhfuil freagra tugtha ag ealaíontóirí do théarma áirithe, agus cén fáth. Spreagtar an dalta, mar sin, chun saothar bríoch a fhorbairt in dhá agus i dtrí thoiseach ar na téamaí céanna nó ar théamaí éagsúla.

CUSPÓIRÍ TEAGAISC

D'fhéadfadh sé bheith riachtanach ó am go ham modúil foghlama a ullmhú atá teagascach go príomha, e.g. fiosrú faoi ábhar ar leith amhail cré - léirithe in Eiseamláir A.

D'fhéadfadh sé go mbeadh fiosrú faoi phróiseas ar leith agus faoi ghnéithe gaolmhara teicniúla chomh maith e.g. Próiseas na Priontála, Próiseas an Mhúnlaithe, nó meascán de bheith ag fiosrú ábhair agus próisis - a d'fhéadfaí a úsáid mar bhunús le tuilleadh staidéir agus forbartha.

EISEAMLÁIR A - "An Timpeallacht Nádúrtha" MODÚL SIOLLABAIS (TÉARMA AMHÁIN)

	Líníocht	Péinteoireacht	Déanamh Priontaí	Staidéir Thíthois.
CUSPÓIRÍ	Freagra pearsanta ar spreagadh a fhorbairt. Scileanna breathnadóireachta. Taifeadadh anailíse. Úsáid éagsúlacht meán.	Obair ó chuimhne, shamhlaíocht agus bhreathnadóireacht dhíreach	Íomhánna a dhéanamh, a láimhseáil agus a fhorbairt	Na bunteicnící a bhaineann le bheith ag obair le cré a insealbhú.
TÚSPHOINTE	An timpeallacht nádúrtha a úsáid mar acmhainn foghlama.	Séasúrach – am den bhliain.	Forbairt réamhoibre.	Fiosrú ábhair.
BÉIM NA FOGHLAMA	Líne, cruth, uigeacht, patrún, dath.	Forbairt chomhdhéanamh/eagrú smaoinimh	Próiseas – positive and negative	Cruth agus foirm
CUR CHUIGE	Roinnt cur chuige agus modhanna oibre a fhorbairt – breathnadóireacht, líníocht, taifeadadh uigeachta, patrún, dath.	Smaointe a fhorbairt le réamhfhoghlaim a úsáid mar bhunús.	Rudaí coitianta ar thángthas orthu ón timpeallacht shaorga a úsáid.	Taifeadadh uigeachtaí – clóite, greanta agus tógtha.
ACMHAINNÍ	Bailiú ábhar	Obair déanta cheana féin agus tuilleadh taighde cuí.	Mar an gcéanna lena bhfuil thuas – rudaí coitianta ar thángthas orthu agus rudaí saorga	Ó réamhobair agus a forbairt..
STAIDEIR THACAÍOCHTA	Líníocht an duine luaith a thuiscint.	Freagra an ealaíontóra don timpeallacht	Cuairt ar chlódóir	Luathdhealbhadóireacht

	LÍNÍOCHT	STADÉIR THRÍTHOISEACHA	STADÉIR DHÉTHOISEACHA
CUSPÓIR	Tionscadail a choinneáil ag dul ó cheapadh go réadú.	Úsáid próisis 3T, déanamh foirme breiseánach, dealaitheach agus tógalach i modh léiritheach agus feidhmiúil.	Úsáid agus tuiscint míreanna Ealaíne agus Deartha.
TÚSPHOINTE	“Timpeallacht an Bhaile”	Líníochtaí roimhe seo agus taighde agus freagra ar staidéir thacaíochta.	Líníochtaí Ailtire – Pleananna Tí. Pictiúir phéinteáilte de theach/áit chónaithe
BÉIM FOGHLAMA	Taighde, breathnadóireacht, taifeadadh, struchtúr, spás, feidhm, dath, uigeacht, líne, foirm, cruth.	Úsáid airgtheach rudaí coitianta – comhcheangal.	Spás, cruth, dath
CUR CHUIGE	Líníocht/Taighde – mar bhailiúchán eolais óna leanann obair ina dhiaidh sin.	Freagra Comhcheangal Léiritheach feidhmiúil Mothúchánach do theama ar leith	Meáin dhéthoiseacha a úsáid – gnéithe eagraíochtúal/comhshuímh.
ACMHAINNÍ	Sleamhnáin/Íomhánna (béim ar struchtúr agus spás).	Ábhair thríthoiseacha agus réamhobair	Ábhair dhéthoiseacha agus réamhobair.
STADÉIR THACAÍOCHTA	Ailtireacht/Dídean. Gnáthóg rudaí beo. Cuairt ar shuíomh tógála.	Struchtúir agus modhanna tógála e.g. coirbéaladh	Tagairtí amhairc a bhaineann le tithe (leabhar gearrthóg a thiomsú).

Is cóir Measúnú/Measúnacht a bhunú ar Chuspóirí an Chúrsa

EISEAMLÁIR C – “ Staidéar ar Thomhaltóir”

MODÚL SIOLLABAIS (TÉARMA AMHÁIN)

	DEARADH GRAFACH	DÉANAMH PRIONTAÍ	LITREOIREACHT	STAI DéIR THRÍTHOIS.
CUSPÓIR	Mar thomhaltóir, gnéithe den chultúr comhaimseartha agus na mórmheán a thuiscint, a léirmhíniú agus a luacháil. Na croíphróisis 2T a úsáid chun íomhánna a dhéanamh, a láimhseáil agus a fhorbairt, ag úsáid litreoireachta le híomhánna i modhanna léiritheacha agus cumarsáideacha.	Mar atá sa Dearadh Grafach.	Mar atá sa Dearadh Grafach + gnéithe eolaíochta, mata agus teicneolaíochta den Ealaín, Ceird agus Dearadh.	Na trí thoise a úsáid. Próisis déanamh foirme tógálach i modh léiritheach agus i modh feidhmiúil.
TÚSPHOINTE	An dalta agus earraí tomhaltais	Próiseas dearaidh oiriúnach - priontáil	Cló-aghaidh lógó	Tógáil.
BÉIM NA FOGHLAMA	Dath, patrún, stíl, cruth, meá	Leagan amach bunúsach/dinimicí amhairc	Bunchruthanna gach stíl litreacha sa chlóghrafaíocht.	3T ag gluaiseacht.
CUR CHUIGE	Anailís na dtúsphointí, bunphróiseas deartha.	Stionsalú – spúinse agus cárta gearrtha a úsáid	Bun-cheannlitreacha na hAibítire	Tógáil móibílí bunaithe ar chruthanna geoméadracha mar atá sa
ACMHAINNÍ	Físeáin, fógraíocht Samplaí bailithe ag daltaí.	Dúigh phriontála, páipéir, rollóirí Póstaeir mar a bhí roimhe. Modhanna priontála – scaradh	Greillí, uirlisí geoméadracha, grafpháipéar. Cineálacha lógó ar an toirt.	Dearadh Grafach Cairtchlár, sreang mhiotail, tiúbanna
STAI DéIR				

THACAÍOCHTA	Dearadh póstaer/fógraíocht.	datha. An Bauhaus	Litreoireacht/ Catalóganna	cairtchláir, níolón Móibílí san Fhógraíocht.
-------------	-----------------------------	-------------------	-------------------------------	---

IS CÓIR LUACHÁIL/MEASÚNÚ A BHUNÚ AR CHUSPÓIRÍ CÚRSA

EISEAMLÁIR D – “Inneachar Foghlama” -

MODÚIL SIOLLABAIS

		Béim	Foghlaim	Staidéir Thacaíochta	Forbairt scileanna/obair phraiticiúil	Ceangail le cuspóirí
	L Í N Í O C H T	Freagra pearsanta a fhorbairt do spreagadh. Scileanna Breathnadóireachta agus anailíse. Úsáid éagsúlacht meán tríd an timpeallacht nádúrtha a úsáid mar acmhainn foghlama.	Staidéar ar phríomheiliimintí na hEalaíne – Líne, Cruth, Patrún, Uigeacht, Dath, Forbairt díriú aigne, scileanna breathnadóireachta, scileanna taighde.	Staidéar ar líníocht an Duine Luaith.	Breathnadóireacht Roghnú, Taifeadadh, Líníocht, Úsáid Meán/Teicnící	1, 2, 3, 6, 7, 8, 10, 11

		Béim	Foghlaim	STAIĐÉIR THACAÍOCHTA	Forbairt scileanna/obair phraiticiúil	Ceangail le cuspóirí
	P É I N T É O I R	Bheith ag obair ón gcuimhne. Samhlaíocht agus breathnadóireacht dhíreach ag úsáid réamhfhoghlama – bunú le hobair a fhorbairt bunaithe ar an am den	Smaointe a Fhorbairt – Ceapadóireacht/ eagrú Bunphrionsabail an Datha. Meascadh dathanna.	Freagraí ealaíontóirí dá dtimpeallachtaí.	Buneolas oibre a fhorbairt ar dhath. Príomhúil, Tánaisteach, Treasach	2, 1, 3, 6, 8, 7, 10, 11, 12.

E A C H T	bhliain - séasúrach				
-----------------------	---------------------	--	--	--	--

		Béim	Foghlaim	STADÉIR THACAÍOCHTA	Forbairt scileanna/obair phraiticiúil	Ceangail le cuspóirí
P R I O N T Á I L	Íomhánna a dhéanamh, a láimhseáil agus a fhorbairt. (Bunaithe ar réamhobair)	Próiseas na priontála – gnéithe dearfa agus claonchló. Rilíf Intaglio Stionsal Litea	Cuairt ar Chlódóirs.	Priontáil – rudaí coitianta ar thángthas orthu a úsáid ón timpeallacht nádúrtha agus shaorga	4, 6, 7, 8, 10, 11, 12.	

Tá an t-eiseamláir deartha chun a chur ar chumas múinteoirí Inneachar oiriúnach foghlama a aithint ina gcuid oibre in Ealaín, Ceird, Dearadh e.g. priontáil, péinteoireacht, potadóireacht etc. agus an t-inneachar foghlama a cheangal le Cuspóirí an tSiollabais

	Staidéir Thacaíochta
CUSPÓIRÍ	Ról Stairiúil, Sóisialta agus Eacnamaíochta agus luach na hEalaíne, Ceirde agus Dearaidh. Seo a cheangal le Aidhm 2,6.
TÚSPHOINTE	Téama – Neamhdhaonnacht an Duine i leith Daoine
BÉIM NA FOGHLAMA	Taighde agus iniúchadh a dhéanamh agus tuiscint conas a d’fhreagair ealaíontóirí do théamaí thuas agus a macasamhlacha, agus cén fáth.
CUR CHUIGE	Féachaint ar shaothar ealaíontóirí. Smaointe na ndaltaí féin a fhorbairt i dtaca le túsphointe in dhá agus i dtrí thoise.
ACMHAINNÍ	Stiallscannáin, sleamhnáin, íomhánna, nuachtáin, teilifís, etc.
SUPPORT SERVICES	Staidéar ar shaothar Goya, Picasso, Kolwitz, Rodin.

CONCLÚID

Arís ní mór béim a chur air go bhfuil na heiseamláirí seo neamh-shaintreorach agus tá siad ceaptha le cuidiú leis an Múinteoir Ealaíne agus é/í ag pleanáil clár éifeachtach bunaithe ar aidhmeanna agus cuspóirí an tsiollabais.

A bhuí le solúbthacht an tsiollabais is féidir é a chur i bhfeidhm i gcúinsí éagsúla agus is cóir modúil fhoghlama a struchtúru agus a phleanáil ionas go mbeidh an méid is mó agus is féidir léirmhínte agus cur chuige indibhidiúil ann agus is féidir. Is féidir téamaí, túsphointí don fhoghlaim, a léirmhíniú ar bhealach samhlaíocht agus cruthaitheach, le tacaíocht ó Staidéir éagsúla Thacaíochta, staidéar breathnadóireachta breithnithe agus taighde bunaithe ar fhoirmeacha Daonna, Nádúrtha agus Saorga, nó cumasc díobh seo. Mar a léiriú in Eiseamláir E, féadfaidh gné de Staidéir Thacaíochta bheith ina túsphointe agus ina bhunús spreagúil le cúinsí foghlama.

Is cóir breathnú ar theama mar ghléas spreagtha óna leagfaidh an dalta síos túsphointe dá s(h)aothar. Ceadóidh sé seo an léirmhíniú is leithne, agus seachnóidh róbhéim ar Aistriúchán Lom, agus/nó cur síos coiscthe ó amharc.

Is cóir difríochtaí inniúlachta i measc daltaí a léiriú i ndifríocht maidir le roghnú ábhair, ach is cóir go mbeidh na ndifríochtaí seo mar bhéim oiriúnaithe ar chuspóirí foghlama.

GLUAIS

Aidhm	Ráiteas faoi na torthaí ginearálta a bhfuiltear ag iarraidh a bhaint amach.
Coincheap	Nóisean nó smaoineamh ginearálta.
Inneachar	Eolas, cur síos ar imeachtaí, próisis, teicnící nó fadhbanna, a bhaineann le cuid éigin d'eolas nó de thaithí an duine i dteannta leis na meáin agus na hábhair a úsáidtear sa tóir orthu.
Imlíne	Líne a rianaíonn imeall nó teorainn foirme nó toirte.
Croílár	An chuid lárnach.
Míreanna na hEalaíne	Líne, Cruth, Dath, Uigeacht, Tuin, Spás, Patrún.
Líníocht Ghotha	Líníocht a fhéachann le bunghluaiseacht figiúir nó foirme a léiriú
Ealaín Ghrafach	Saothar ealaíne atá go príomha i gcomhair déanamh priontaí nó grianghrafadóireacht.
Modh	Straitéis teagaisc/foghlama.
Modúl	Aonad foghlama.
Spreagadh	Meallann sé duine chun gnímh.
Cuspóirí	Treoir ceaptha chun an aidhm ghinearálta a bhaint amach ach níos beachta ná aidhmeanna
Braith	Rud a thuiscint, a bhreathnú
Prionsabal	Fréamh, foinse nó bunús an bhunruda, nádúr eisintiúil nó bunú teoiriciúil.
Próiseas	Dul chun cinn, cúrsa, modh oibre.
Modh oibre	Modh stiúrtha imeachtaí
Táirge	Rud a dhéantar i bpróiseas nádúrtha nó de dhéantús.
Seicheamh	Comhleantacht, teacht i ndiaidh a chéile – tacar rudaí ar dual dóibh bheith díreach taobh le chéile in ord de chineál éigin.
Spásúil	Bainteach le spás.
Spreagadh	Rud a spreagann chun gnímh nó chun fuinnimh.
Straitéis	Plean.
Sintéis	Cur le chéile, cumasc.
Siombail	San ealaín, tógán a sheasann ar son rud éigin eile, ábharach nó neamhábharach, seachas é féin

Tadhlaich	Braite trí tadhlaí
Aontacht	Críochnúlacht a bhaintear amach nuair atá gach mír infheicthe i saothar ealaíne ag teacht le prionsabail idirghníomhacha an amharceagair
Éagsúlacht	Ceann de phrionsabail an amharcoird – éagsúlacht a úsáid chun spéis amhairc a fháil.
Brí Amhairc	Léiriú a cheaptar go héifeachtach i ráiteas amhairc seachas i mbriathra.